eDeposit Ireland

Directors – Their Duties and Powers – A quick guide

Item Type	book
Citation	Ireland. Office of the Director of Corporate Enforcement, 'Directors – Their Duties and Powers – A quick guide', Office of the Director of Corporate Enforcement, 2015, Quick guide (Ireland. Office of the Director of Corporate Enforcement), 2015
Publisher	Office of the Director of Corporate Enforcement
Rights	Y
Download date	2026-03-11 03:36:17
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/75652

Stiúrthóirí
Dualgais agus Cumhachtaí

Treoir Ghairid

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Clár

Maidir leis an treoir seo 2

Cad is stiúrthóir cuideachta ann? 2

An gá do chuideachta stiúrthóirí a cheapadh? 2

Cé na daoine ar féidir leo feidhmiú ina stiúrthóirí cuideachta? 2

Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú ina stiúrthóirí cuideachta? 3

An bhfuil cineálacha éagsúla stiúrthóirí ann? 3

Cad iad na dualgais atá ar stiúrthóirí faoin dlí? 4

- Dualgais faoin dlí coitianta 4
- Dualgais reachtúla 5

An bhfuil dliteanas ar stiúrthóirí maidir le fiacha de chuid na cuideachta? 8

Cad iad na cumhachtaí atá ag stiúrthóirí? 8

Cad iad na cumhachtaí atá ag comhaltaí? 9

Cad eile ba chóir a bheith ar eolas ag stiúrthóirí? 9

- Idirbhearta idir an chuideachta agus stiúrthóirí 9
- Leachtú sócmhainneachta 10
- Deacrachtaí trádála 10
- Trádáil mheargánta 10
- Leachtú dócmhainneachta 11
- Cuideachtaí dócmhainneachta atá bainte den chlár 11

Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam? 11

Maidir leis an treoir seo

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn roinnt dá leagtar de dhualgas ar stiúrthóir cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

Cad is stiúrthóir cuideachta ann?

Is duine an stiúrthóir cuideachta a cheapann comhaltaí (úinéirí) cuideachta (go hiondúil) chun an chuideachta a bhainistiú agus a rith thar a gceann. Leagtar dualgais ar stiúrthóirí faoi Dhlí na gCuideachtaí agus faoi bhunreacht na cuideachta féin araon.

An gá do chuideachtaí stiúrthóirí a cheapadh?

Is gá, éilítear faoin dlí ar gach cuideachta stiúrthóirí cuideachta a cheapadh. Ní mór don chuideachta theoranta phríobháideach (TEO) ar a laghad aon stiúrthóir amháin a cheapadh. Ní mór do chineálacha eile cuideachtaí ar a laghad beirt stiúrthóirí a cheapadh.

Cé na daoine ar féidir leo a bheith ina stiúrthóirí cuideachta?

Is féidir le mórchuid mhór na ndaoine feidhmiú mar stiúrthóir cuideachta ar choinníoll go mbíonn 18 bliana slán acu. Níl cáilíochtaí ná taithí oibre faoi leith de dhíth. Nuair a cheaptar stiúrthóirí, ní mór dóibh ráiteas a shíniú ag glacadh leis go bhfuil dualgais agus cúraimí orthu faoin dlí.

Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú ina stiúrthóirí cuideachta?

D'fhonn an pobal a chosaint, ní cheadaítear do roinnt daoine bheith ina stiúrthóirí cuideachta. Áirítear orthu sin:

- **féimhigh neamhurscaoilte** – daoine a bhfuil achainí déanta acu ar fhéimheacht agus nach bhfuil cead faighte acu ón gcúirt stopadh ag déanamh íocaíochtaí maidir leis na fiacha;
- **duine dícháilithe** – daoine a fuarthas ciontach sa chúirt i gcalaois nó i mí-iompar tromchúiseach agus atá dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta go ceann tréimhse áirithe; agus
- **daoine srianta** – daoine a dteipeann orthu a dheimhniú don chúirt go ndearna siad go macánta agus go cúramach i ndáil le cuideachta dhócmhainneach. Ní féidir le duine den chineál seo feidhmiú mar stiúrthóir ach amháin i gcuideachta a bhfuil suim mhór airgid infheistithe ag na comhaltaí i gcaipiteal na cuideachta sin.

An bhfuil cineálacha éagsúla stiúrthóirí ann?

Tá cúig chineál stiúrthóir cuideachta ar fáil:

- **Stiúrthóirí feidhmiúcháin** a mbíonn baint acu le bainistíocht na cuideachta ó lá go lá. Samplaí dá leithéid an bainisteoir stiúrtha nó an stiúrthóir díolacháin.
- **Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin** nach mbíonn baint acu leis an mbainistíocht ar an gcuideachta. Is iondúil gur daoine eolasacha lán taithí iad a cheaptar ar bhord na stiúrthóirí chun comhairle neamhspleách a chur ar fáil. Ní gá do chuideachtaí stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheapadh.

- **Stiúrthóirí malartacha** a cheaptar chun cruinnithe boird a fhreastal thar ceann stiúrthóirí agus chun gníomhú ar a son nuair nach bhfuil siad i láthair.
- **Stiúrthóirí de facto** a chomhlíonann dualgais stiúrthóra cé nach bhfuil siad ceaptha go foirmeálta ag an gcuideachta. Glacann siad an ról orthu féin.
- **Cúlstiúrthóirí** nach bhfuil ceaptha go foirmeálta ina stiúrthóirí ach a thugann treoracha ar iondúil le stiúrthóirí na cuideachta déanamh dá réir.

Leagtar na dualgais dhlíthiúla chéanna ar gach stiúrthóir cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí.

Cad iad na dualgais atá ar stiúrthóirí faoin dlí?

Tugann na stiúrthóirí aire do shócmhainní na cuideachta (sealbhas, maoin agus airgead).

Is féidir na dualgais a rangú in dhá aicme:

- dualgais faoin dlí coitianta, arna gcruthú ar dtús sna cúirteanna; agus
- dualgais faoin reachtaíocht, arna leagan síos in Acht na gCuideachtaí.

Dualgais faoin dlí coitianta

- Ní mór do stiúrthóirí gníomhú de mheoin mhaith agus ar mhaithe le leas na cuideachta.
- Ní mór do stiúrthóirí gníomhú go macánta agus go cúramach i ndáil leis an gcuideachta.
- Ní mór do stiúrthóirí gníomhú de réir bhunreacht na cuideachta agus an dlí.

- Ní ceart do stiúrthóirí a gcuid cumhachtaí a úsáid le haghaidh gnóthachan pearsanta nó chun tairbhe dhaoine eile agus chun aimhleas na cuideachta. Mar shampla, ba cheart do stiúrthóirí an méid céanna le gach duine eile (luach an mhargaidh) a íoc ar shócmhainní de chuid na cuideachta.
- Ní mór do stiúrthóir an cúram cuí, an scil chuí agus an dúthracht chuí a úsáid i mbun gníomhaíochta. Mar shampla, ba chóir dóibh cruinnithe a bheith go rialta acu chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta agus beart a dhéanamh chun aon fhadhbanna a réiteach.

Dualgais reachtúla

Eolas pearsanta a nochtadh

Ní mór do stiúrthóirí, tráth a gceaptha, an t-eolas seo a thabhairt don chuideachta:

- ainm, seoladh, dáta breithe, náisiúntacht agus slí bheatha;
- mionsonraí faoi scaireanna nó iasachtaí ar bith de chuid na cuideachta nó de chuid chuideachta ghaolmhar atá faoina n-úinéireacht nó a bhfuil leas acu iontu; agus
- sonraí faoi aon chuideachtaí eile a bhfuiltear ina stiúrthóir orthu. Ní mór an chuideachta a choinneáil ar an eolas faoi aon athrú maidir leis na sonraí seo.

Leasa pearsanta a nochtadh

Ní mór do stiúrthóirí an chuideachta a chur ar an eolas faoi aon chonradh nó conradh beartaithe idir iad féin agus an chuideachta.

Taifid airgeadais a choimeád

- Ní mór do na stiúrthóirí a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta taifid leordhóthanacha cuntasaíochta trína mínítear na híocaíochtaí ar fad isteach agus amach ón gcuideachta nó ó chustaiméirí agus le soláthraithe na cuideachta, agus go sonraítear go cruinn beacht na sócamhainní agus na dliteanais (fiacha).
- Ní mór do na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar 'léargas fíorcheart' ar ghnóthaí na cuideachta.

Iniúchóireacht a shocrú

Ní mór do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a chur faoi iniúchóireacht murar cuideachta bheag atá sa chuideachta nach bhfuil dlite uirthi iniúchóireacht a shocrú. Breithniú a dhéanann saineolaí neamhspleách ar ráitis airgeadais na cuideachta atá san iniúchóireacht.

Tuairiscí do na comhaltaí

Ní mór do na stiúrthóirí tuarascáil a ullmhú gach bliain airgeadais do chomhaltaí (úinéirí) na cuideachta. Ba cheart go mbeadh mionsonraí iontu sin faoi:

- mar atá ag éirí leis an gcuideachta;
- mar a tháinig forbairt ar an ngnó le bliain anuas;
- cora tábhachtacha ar bith a chuir isteach ar an gcuideachta i rith na bliana; agus
- ábhar baoil ar bith nó cora nua a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcuideachta go ceann bliana eile.

Cruinnithe a thionól

Ní mór do na stiúrthóirí cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a eagrú gach bliain. Ní mór dóibh a shocrú go seoltar fógra faoin gcruinniú chuig na comhaltaí ar a laghad 21 lá roimh an gcruinniú. Ba chóir, maidir le fógra den sórt sin:

- dáta, tráth agus ionad an chruinnithe a lua;
- an t-ábhar a bheidh á phlé ag an gcruinniú a leagan amach (clár); agus
- doiciméid eile a bhaineann le hábhar, mar shampla ráitis airgeadais, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil na n-iniúchóirí (más ann dá leithéid) a bheith istigh leis.

Tharlódh, uaireanta, go mbeadh ar stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách (CGU) de na comhaltaí a thionól chun déileáil le gnó speisialta nó gnó práinneach.

Taifid cruinnithe a choimeád

Ní mór do na stiúrthóirí a shocrú go gcoinnítear miontuairisc ar a ndeirtear agus a socraítear ag cruinnithe ginearálta agus ag cruinnithe de bhord na stiúrthóirí agus d'fhochoistí an bhoird.

Cláir a choimeád

Ní mór do na stiúrthóirí a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta an t-eolas i ndoiciméid áirithe bord ar bhord leis an aimsir. Áirítear orthu sin:

- clár na gcomhaltaí;
- clár na stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta;
- clár scaireanna nó leasa airgeadais ar bith atá ag na stiúrthóirí nó ag rúnaí na cuideachta sa chuideachta; agus
- conarthaí seirbhíse na stiúrthóirí.

Dualgais maidir le comhadú

Ní mór do na stiúrthóirí a chinntiú go seolann an chuideachta doiciméid agus eolas áirithe chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) faoi na spriocdhátaí cuí. Áirítear orthu sin:

- tuairisceán bliantúil na cuideachta agus na ráitis airgeadais a ghabhann leis;
- fógra faoi athrú maidir le hoifig chláraithe, stiúrthóir, rúnaí cuideachta maille leis na sonraí ina leith sin;
- sonraí faoi aon mhorgáiste nó muirear in aghaidh mhaoin na cuideachta; agus
- sonraí faoi chúiteamh (aisíoc) aon mhuirear nó morgáiste in aghaidh mhaoin na cuideachta.

An bhfuil dliteanas ar stiúrthóirí maidir le fiacha de chuid na cuideachta?

Is féidir píonos a ghearradh ar stiúrthóirí sa chás gurb é breith na cúirte gur sháraigh siadsan nó an chuideachta Acht na gCuideachtaí. Mar shampla, sa chás go leanann duine srianta ina stiúrthóir ar chuideachta nach bhfuil dóthain caipitil curtha inti agus go ndéantar an chuideachta a leachtú ina dhiaidh sin, is féidir leis an gcúirt dliteanas fhiacha na cuideachta (freagracht astu) a leagan ar an té sin gan teorainn ar bith.

Cad iad na cumhachtaí a leagtar ar stiúrthóirí?

Go ginearálta, is féidir le stiúrthóirí aon ní a dhéanamh atá de réir an dlí agus a cheadaítear faoi bhunreacht na cuideachta.

Cad iad na cumhachtaí a leagtar ar chomhaltaí?

Is féidir le comhaltaí (úinéirí) na cuideachta socruithe áirithe a dhéanamh, mar shampla, socrú i ndáil le hiniúchóir na cuideachta a cheapadh nó a athcheapadh. Ní féidir leis na stiúrthóirí na socruithe sin a dhéanamh astu féin.

Cad eile ba chóir a bheith ar eolas ag stiúrthóirí?

Idirbhearta idir an chuideachta agus stiúrthóirí

Go ginearálta, ní féidir le stiúrthóirí sócmhainní na cuideachta a úsáid chun a leasa féin. Ina ainneoin sin, tá roinnt cásanna eisceachta ann.

- Is féidir le cuideachta iasachtaí a thabhairt do stiúrthóirí agus do dhaoine nó d'eagraíochtaí atá ceangailte ó thaobh gaoil nó gnó leis na stiúrthóirí ar choinníoll nach sáraítear 10% de 'shócmhainní ábhartha' na cuideachta le hiomlán na hiasachta. Ciallaíonn sócmhainní ábhartha sócmhainní na cuideachta glan mar a luaitear sna cuntais a cuireadh i láthair na gcomhaltaí ag an gCGB deireanach.
- Is féidir le cuideachta iasachtaí (10% nó níos mó) a thabhairt do stiúrthóirí agus do dhaoine nó d'eagraíochtaí atá ceangailte ó thaobh gaoil nó gnó leis na stiúrthóirí má shíníonn na stiúrthóirí doiciméad á rá gurb é is dóigh leo go mbeadh ar acmhainn na cuideachta a cuid fiach a íoc tar éis an iasacht a thabhairt. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh dliteanas pearsanta a bheith orthu i ndáil le fiacha na cuideachta más é breith na cúirte nach raibh aon chúis mhaith acu leis sin a cheapadh.

- I gcásanna áirithe, is féidir le cuideachta dul i mbun díol nó ceannach maoine le stiúrthóir nó le daoine nó eagraíochtaí atá ceangailte ó thaobh gaoil nó gnó leis na stiúrthóirí. Ina ainneoin sin, ní mór do na stiúrthóirí cúis mhaith leis an ngníomh beartaithe a lua leis na comhaltaí agus ní mór tromlach na gcomhaltaí ag aontú leis ag cruinniú ginearálta sular féidir leis an idirbheart tarlú.

Leachtú sócmhainneachta

Sa chás go ndéantar cuideachta a fhoirceannadh ach gur féidir na fiacha ar fad a ghlanadh, leachtú sócmhainneachta a thugtar air sin. Ní mór do na stiúrthóirí cóip den dearbhú sócmhainneachta a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Ba chóir go luaifí sa dearbhú go ndearna na stiúrthóirí fiosrúchán iomlán maidir le gnóthaí na cuideachta agus gurb é a dtuairim go mbeidh an chuideachta in acmhainn a cuid fiach ar fad a íoc go hiomlán go ceann 12 mí.

Deacrachtaí trádála

Sa chás go mbíonn cuideachta i gcruachás airgid, ba chóir comhairle neamhspleách a fháil chomh luath agus is féidir. Beidh soiléiriú ón gcomhairle sin ar na roghanna atá ar fáil, mar shampla, más féidir an chuideachta a thabhairt slán (trí athmhaoiniú nó athstruchtúrú) nó más ceart a foirceannadh agus a leachtú.

Trádáil mheargánta

Má chuidíonn stiúrthóirí le fiach de chuid na cuideachta a chruthú agus fios acu nach mbeidh an chuideachta in acmhainn an creidiúnaí a íoc, d'fhéadfadh cúirt ordú dóibh cuid d'fhiacha na cuideachta nó iomlán fhiacha na cuideachta a íoc iad féin.

Leachtú dócmhainneachta

Sa chás nach bhfuil dóthain airgid ag cuideachta chun na fiacha ar fad a ghlanadh agus go ndéantar a foirceannadh, leachtú dócmhainneachta a thugtar air sin. Ní mór do na stiúrthóirí ráiteas faoi shócmhainní agus faoi dhliteanais na cuideachta a ullmhú agus comhoibriú leis an leachtaitheoir.

Cuideachtaí dócmhainneacha atá bainte den chlár

Sa chás nach ndéanann na stiúrthóirí socrú maidir le cuideachta a leachtú atá go trom i bhfiacha agus go ndéantar an chuideachta ina dhiaidh sin a bhaint de Chlár na gCuideachtaí mar gheall nach ndearnadh tuairisceán bliantúil a chomhadú, is féidir leis an gcúirt na stiúrthóirí a dhícháiliú ó fheidhmiú ina stiúrthóirí ag cuideachta ar bith.

Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?

Is féidir eolas níos mine faoin stiúrthóirí a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, *www.odce.ie*.

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi stiúrthóirí cuideachta agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.

Séanadh

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar stiúrthóir cuideachta faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d'Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas ná easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

✉ Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

🖷 01 858 5801

@ info@odce.ie

www.osfc.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available